2026/769

8.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/769 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Aibreán 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014 a mhéid a bhaineann le haistriú na méideanna atá beartaithe sa Phlean Straitéiseach CBT a bhaineann le forbairt tuaithe sna réigiúin is forimeallaí chuig cláir POSEI le haghaidh 2026 agus na seiceálacha ar an láthair atá le déanamh i scéim POSEI agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014 a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha ar an láthair atá le déanamh i scéim na n-oileán beag Aeigéach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus Airteagal 18(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 103(6) de Rialachán (AE) 2021/2115 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ceadaítear do na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha CBT a leasú chun cuid de na méideanna atá beartaithe dá réigiúin is forimeallaí le haghaidh forbairt tuaithe a aistriú chuig cláir an Cháir de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht (POSEI). Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na haistrithe sin a léiriú go tráthúil ina gcláir POSEI le haghaidh 2026, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta sonrach lena gceadaítear leasuithe ar na cláir sin gan dul ar iontaoibh an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 40(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014 ([4]) ón gCoimisiún. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na leasuithe sin cláir POSEI a threisiú, iad a mhíniú go cuí agus údar cuí a thabhairt leo, agus na nuashonruithe is gá ar thábla bliantúil ginearálta an mhaoinithe tháscaigh agus ar an liosta cabhracha arb íocaíochtaí díreacha iad a áireamh iontu, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 228/2013. Is iomchuí freisin na sprioc-amanna a leagan síos chun fógra a thabhairt faoi na leasuithe sin agus chun an tréimhse a mbeidh feidhm ag na bearta leasaithe lena linn a chinneadh.

([1]) IO L 78, 20.3.2013, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/228/oj.
([2]) IO L 78, 20.3.2013, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/229/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiún is forimeallaí an Aontais (IO L 63, 4.3.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/180/oj).

(2) Is gá forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh agus ailíniú le hAirteagail 60 agus 72 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), ina leagtar síos go bhfuil na Ballstáit le leibhéal iomchuí seiceálacha a áirithiú agus go bhfuil seiceálacha córasacha le háireamh sna córais bhainistíochta agus rialaithe arna mbunú ag na Ballstáit. Is iomchuí, dá bhrí sin, a shoiléiriú go bhféadfar seiceálacha ar an láthair ar chlár POSEI a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014 agus seiceálacha ar an láthair ar chlár na n-oileán beag Aeigéach a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014 ón gCoimisiún ([6]) a dhéanamh go cianda, i gcás inarb iomchuí, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí oiriúnacha, ar choinníoll go n-áirithítear leis na seiceálacha sin leibhéal dearbhaithe atá coibhéiseach le seiceálacha a dhéantar ar an láthair.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 180/2014 agus (AE) Uimh. 181/2014 a leasú dá réir.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gComhbheartas Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 23, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Féadfar seiceálacha ar an láthair a dhéanamh go cianda, trí theicneolaíocht oiriúnach a úsáid, ar choinníoll go n-áirithítear leis na seiceálacha sin leibhéal dearbhaithe atá coibhéiseach le seiceálacha a dhéantar ar an láthair.’;

(2) in Airteagal 40, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4a. Féadfaidh na Ballstáit a gcláir POSEI le haghaidh na bliana 2026 a leasú gan dul ar iontaoibh an nós imeachta a leagtar amach i mír 1 má leasaíonn siad a bPleananna Straitéiseacha CBT ionas go n-aistreofar chuig cláir POSEI cuid den mhéid ina bPleananna Straitéiseacha CBT atá curtha i leataobh le haghaidh na réigiún is forimeallaí dá gcuid, ar cuid é den mhéid a leithdháiltear le haghaidh na bliana airgeadais forbartha tuaithe 2027 faoi Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), i gcomhréir le hAirteagal 103(6) den Rialachán sin.

Tabharfar tuairisc chuí ar na leasuithe sin agus tabharfar údar cuí leo. Áireofar iontu nuashonrú ar thábla ginearálta bliantúil an mhaoinithe tháscaigh dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 chomh maith le liosta nuashonraithe cabhair arb íocaíochtaí díreacha í dá dtagraítear in Airteagal 19(2), pointe (d), den Rialachán sin. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin leasú ón dáta a chuirfear isteach an iarraidh ar leasú straitéiseach ar an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 103(6) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus tráth nach déanaí ná an 30 Bealtaine 2026. Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas laistigh de 30 lá má mheasann sé nach gcomhlíonann na leasuithe reachtaíocht an Aontais, go háirithe Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, gan dochar d’Airteagail 53 agus 55 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**). Beidh an leasú ar chlár POSEI infheidhme ag deireadh an sprioc-ama 30 lá, nó tar éis an leasú ar tugadh fógra ina leith a cheartú go hiomchuí má chuir an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi neamhchomhlíonadh reachtaíocht an Aontais, ar choinníoll gur formheasadh an leasú ar Phlean Straitéiseach CBT roimhe sin.

([5]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach (IO L 63, 4.3.2014, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/181/oj).

Na leasuithe a bhaineann le tacaíocht don táirgeadh áitiúil agus socruithe sonracha soláthair, beidh feidhm acu maidir le híocaíochtaí a dhéanfar le tairbhithe ón 16 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2027.

(*) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

(**) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).'.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014

In Airteagal 21 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014 ón gCoimisiún, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4. Féadfar seiceálacha ar an láthair a dhéanamh go cianda, trí theicneolaíocht oiriúnach a úsáid, ar choinníoll go n-áirithítear leis na seiceálacha sin leibhéal dearbhaithe atá coibhéiseach le seiceálacha a dhéantar ar an láthair.'.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN